Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

**SAINCHUNTAS POIST**

**Teideal an phoist:** Oifigeach Forbartha

**Freagrach do:** Bainisteoir Líne agus don Ardfheidhmeannach

**Scála Tuarastail (cineál agus grád):** Scála státseirbhíse Oifigeach Feidhmiúcháin 06.2025 (€37,544 - €60,610) de réir coinníollacha an scála agus tuarastal reatha an iarrthóra. Leagtar amach téarmaí agus coinníollacha oibre uile an fhostaí sa chonradh fostaíochta agus i Lámhleabhar an Fhostaí.

**Cáilíochtaí, Scileanna agus Taithí Riachtanach:**

1. Céim tríú leibhéal nó a chomhionann;
2. Tuiscint agus taithí ar earnáil an tumoideachais;
3. Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh;
4. Ardscileanna eagrúcháin agus riaracháin;
5. Ardscileanna cur i láthair agus cumarsáide, idir phearsanta agus theicniúil.
6. Taithí ar obair agus ar thionscnaimh a bhainistiú;
7. Scileanna ceannaireachta, comhairleoireachta agus spreagtha daoine;
8. Sárscileanna idirbheartaíochta agus comhoibrithe, agus
9. Ceadúnas tiomána glan iomlán agus teacht ar ghluaisteán.

**Príomhchúraimí:**

1. Clár oibre na heagraíochta mar a bhaineann le cur chun cinn an tumoideachais a chur i bhfeidhm i gcomhar le baill foirne eile;
2. Cuairteanna scoile chun eolas a roinnt faoi sheirbhísí na heagraíochta;
3. Tacú le bunú agus buanú bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna;
4. Seirbhís chomhairleach a chur ar fáil do bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna atá ag iarraidh múnlaí den tumoideachas a chur i bhfeidhm (laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht);
5. Plé le páirtithe leasmhara san earnáil oideachais chun críche cur chuige comhoibritheach agus tacúil don earnáil tumoideachais;
6. Feachtais feasachta a chur i bhfeidhm chun críche poiblíocht ar bhuntáistí an tumoideachais;
7. Cúnamh agus comhairle a chur ar fáil do scoileanna i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaithe a bhaineann le sóisialú na Gaeilge i measc a bpobail;
8. Cúnamh agus tacaíocht do scoileanna ar bhonn réigiúnda chun an dea-chleachtas a mhalartú agus líonraí tacaíochta eatarthu a éascú;
9. Tacú le seirbhísí na heagraíochta do na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht agus a bpobail;

10. Leanúnachas idir leibhéil a spreagadh agus a éascú, agus
11. A bheith páirteach i bhforbairt agus cur i bhfeidhm clár oibre iomlán Gaeloideachas, ar a n-áirítear seirbhís eolais do na pobail éagsúla; na comhdhálacha oideachais; seimineáir eolais; scéimeanna tacaíochta; margaíocht agus bolscaireacht ar an tumoideachas agus an ilteangachas.

**Áit lonnaithe:** Is i bpríomhoifig na heagraíochta, Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, BÁC 9 a bheidh an post seo lonnaithe. Tá polasaí oibre hibrideach i bhfeidhm ag Gaeloideachas, le meascán d’obair ó baile agus ón oifig.